# Tionchar an Teagaisc Fhollasaigh ar Ghnóthachtáil Mac Léinn ar Struchtúir Éagsúla sa Ghaeilge

*Aisling Ní Dhiorbháin*

*Scoil na Teanga, na Litearthachta agus an Oideachais Luath-Óige*

*Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath*

aisling.nidhiorbhain@dcu.ie

**Achoimre**

Cuirfear síos ag tús an ailt, ar anailís earráidí a rinneadh ar earráidí coitianta sa Ghaeilge scríofa a bhí ag grúpa bunmhúinteoirí faoi oiliúint (n=80). Ag eascairt ón anailís ar earráidí, roghnaíodh ceithre spriocstruchtúr: *na huimhreacha, an aidiacht shealbhach, na réamhfhocail shimplí is cúis le séimhiú ar chonsan agus an t-ainm briathartha* d'idirghabháil foirm-dhírithe. Cuireadh cur chuige déaduchtach i bhfeidhm le dhá ghrúpa, agus cuireadh cur chuige ionduchtach-follasach i bhfeidhm le dhá ghrúpa (n=60), ar feadh caoga nóiméad sa tseachtain, thar thréimhse d'ocht seachtaine. Rinneadh iniúchadh sa staidéar seo, ar éifeachtacht an teagaisc fhollasaigh ar ghnóthachtáil na múinteoirí faoi oiliúint (n=60) ar na ceithre spriocstruchtúr. Fiosraíodh ach go háirithe, cé acu cur chuige follasach ab éifeachtaí, cur chuige déaduchtach nó cur chuige ionduchtach-follasach, le forbairt a dhéanamh ar léireolas na mac léinn ar na struchtúir.

Cuireadh triail ghramadaí ar na mic léinn ag Céim a hAon (roimh an idirghabháil); ag Céim a Dó (díreach i ndiaidh na hidirghabhála); agus ag Céim a Trí (seacht seachtaine i ndiaidh na hidirghabhála). Léiríodh difríocht shuntasach le tomhas mór éifeachta i ngnóthachtáil na mac léinn ar na ceithre struchtúr, ó Céim a hAon go Céim a Dó, gan ach titim bheag sna torthaí ag Céim a Trí, leis an dá chur chuige follasacha. Tháinig sé chun solais sa taighde gur tháinig feabhas ní ba mhó ar struchtúir áirithe i ndiaidh an teagaisc fhollasaigh, agus gurbh é struchtúr an ainm bhriathartha an struchtúr ba dhúshlánaí as na ceithre struchtúr do na mic léinn. Tugadh le fios gur chothaigh giniúint an eolais fhógraigh dúshlán ar leith do na múinteoirí faoi oiliúint. Tugann torthaí na hanailíse earráidí léargas suimiúil ar na

CC BY NC ND

hearráidí ba choitianta sa Ghaeilge scríofa a bhí ag grúpa amháin bunmhúinteoirí faoi oiliúint. Tá sé mar aidhm ag an bpáipéar túsphlé a spreagadh ar eolas gramadúil bunmhúinteoirí faoi oiliúint agus ar theagasc na gramadaí sna hinstitiúidí oideachais.

**Abstract**

Results from an error analysis of common errors in written Irish from a sample of student primary school teachers (n=80) are presented at the beginning of the paper. Arising from the analysis four target structures: *numbers, the possessive adjective, simple prepositions which lenite consonants and the verbal noun clause*, were selected for a form-focused intervention. A deductive approach was implemented with two groups, and an explicit-inductive approach was implemented with two groups (n=60), for fifty minutes per week, over an eight week period. This study examined the effectiveness of explicit grammar teaching on the student primary teachers' achievement on the four target structures. The study investigated in particular, which explicit approach, a deductive or an explicit-inductive approach, would be most effective in developing the students' explicit knowledge of target forms.

An Irish grammar test was administered to students at Time One (before the intervention); at Time Two (immediately following the intervention); and at Time Three (seven weeks after the intervention). Results revealed a significant difference, with a large effect size, in student achievement on the four target structures from Time One to Time Two, with a slight decrease in scores at Time Three, for both explicit approaches. The study showed that student achievement increased more on particular structures, as a result of the explicit teaching, and that the verbal noun clause was the most challenging of the four structures for the students. Results also indicated that the production of declarative knowledge posed a significant challenge for the student teachers. Results from the error analysis provide an interesting insight into the common grammatical errors in written Irish, of one sample of student primary teachers. It is intended that this

paper will initiate dialogue about the grammatical knowledge of student primary teachers and the teaching of grammar in Institutes of Education.

***Eochairfhocail**: Teagasc follasach, Earráidí, Foghlaim Ionduchtach, Foghlaim dhéaduchtach, Teagasc agus foghlaim na Gaeilge*

## 1. Réamhrá

Is é an réasúnaíocht a bhí ag Ó Domhnalláin agus Ó Baoill ar anailís earráidí ná:

> Is é an phríomhchuspóir a bhíonn le hanailís earráidí eolas a chur ar na hearráidí agus ar na cúiseanna a bhíonn leo ionas gur féidir le múinteoirí teacht roimh na hearráidí sin sa teagasc, nó ar a laghad tagairt dóibh sa teagasc agus iad a cheartú. Ba cheart freisin go mbeidh fáil ag lucht scríofa cúrsaí teanga ar thorthaí anailísí earráidí.
>
> (Ó Domhnalláin & Ó Baoill, 1978, lch 7)

Tugadh faoi anailís ábhair a dhéanamh ar earráidí scríofa sa Ghaeilge a bhí ag grúpa bunmhúinteoirí faoi oiliúint (n=80) sa staidéar seo d'fhonn spriocstruchtúr a roghnú d'idirghábháil oideolaíoch. Tá sé mar aidhm ag an bpáipéar seo torthaí na hanailíse earráidí a roinnt, mar gur ábhar spéise iad, d'oideoirí múinteoirí Gaeilge, lucht atá ag plé cúrsaí teanga ag an tríú leibhéal, agus dóibh siúd a bhfuil suim acu i dteagasc na Gaeilge.

Rinneadh an iniúchadh sa staidéar seo ar cé acu cur chuige follasach, cur chuige déaduchtach nó cur chuige ionduchtach-follasach, ab éifeachtaí le forbairt a dhéanamh ar léireolas grúpa bunmhúinteoirí faoi oiliúint. Is é atá sa léireolas ná eolas comhfhiosach fógrach faoi theanga ar féidir leis an úsáideoir teanga tarraingt air mura mbíonn brú ama air (Ellis, 2005, 2015). Is éard atá i gceist le cur chuige follasach ná nuair a mhaítear an riail ghramadaí go follasach le linn an teagaisc (Norris & Ortega, 2000).

Bronnann an cur chuige follasach dá rogha oideolaíochta ar an múinteoir, is iad sin cur chuige déaduchtach nó cur chuige ionduchtach-follasach a chur i bhfeidhm. Sa chur chuige déaduchtach cuireann an múinteoir an riail ghramadaí i láthair na bhfoghlaimeoirí, de ghnáth ag tús an ranga, agus déanann na foghlaimeoirí cleachtadh ar an riail ina dhiaidh sin. Ar an lámh eile, is cur chuige taiscéalaíoch faoi threoir atá sa chur chuige ionduchtach-follasach.

Feidhmíonn an múinteoir mar éascaitheoir a threoraíonn na foghlaimeoirí leis an riail ghramadaí a aimsiú agus a fhógairt iad féin (Herron & Tomasello, 1992). As an mbeagán taighde ina bhfuil comparáid déanta idir an dá chur chuige fhollasacha, tá claonadh i dtreo an chur chuige ionduchtach-follasaigh mar an cur chuige is éifeachtaí (Glaser, 2014). Fiosraíodh sa staidéar seo cé acu cur chuige follasach, cur chuige déaduchtach nó cur chuige ionduchtach-follasach, ab éifeachtaí le forbairt a dhéanamh ar léireolas grúpa bunmhúinteoirí faoi oiliúint (n=60), ar cheithre struchtúr éagsúla sa Ghaeilge.

Léiríonn staidéar meitea-anailíseach (Spada & Tomita, 2010), go mbíonn teagasc follasach ar rialacha gramadaí éifeachtach le forbairt a dhéanamh ar léireolas foghlaimeoirí, ar struchtúir chasta agus ar struchtúir shimplí araon, sa dara teanga. Rinneadh catagóiriú ar chastacht struchtúr sa mheitea-anailís de réir threoirlínte Hulstijn & de Graff (1994), a mhaígh go mbaineann castacht struchtúr le líon na gcritéar gur gá a chur i bhfeidhm leis an struchtúr cruinn a ghiniúint. Cé go léiríonn taighde meitea-anailíseach rathúlacht an teagaisc fhollasaigh, níl comhaontú sroichte maidir leis an gcineál cur chuige follasaigh is éifeachtaí, áfach.

Titeann dualgas ar institiúidí oideachais na tíre bunmhúinteoirí a oiliúint le Gaeilge a úsáid mar mheán cumarsáide, Gaeilge a theagasc mar ábhar agus ábhair eile a theagasc trí Ghaeilge (An Chomhairle Mhúinteoireachta, 2011). Is é céim an bhaitsiléara san oideachas (BOid) an bhunchéim atá riachtanach le teagasc mar bhunmhúinteoir i bPoblacht na hÉireann. Ba mhic léinn BOid i gceann amháin de na príomhinstitiúidí oideachais sa tír a bhí mar rannpháirtithe sa taighde seo.

Déanann gach mac léinn BOid staidéar ar an nGaeilge mar ábhar, agus ar chúrsa mhodheolaíocht na teanga mar chodanna éigeantacha den chlár BOid. In ainneoin gur croí-ábhar í an Ghaeilge i gcuraclam teanga na bunscoile (Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, 2015), agus ar an gclár BOid, tá éagmais taighde i réimse an oideachais mhúinteoirí maidir leis an gcaighdeán teanga atá ag bunmhúinteoirí faoi oiliúint, agus ar na idirghabhálacha ab éifeachtaí a chabhródh leo cur lena n-inniúlacht sa teanga. Díríodh sa taighde seo, ar ghné amháin d’inniúlacht na mac léinn sa Ghaeilge, ba é sin an léireolas a bhí acu ar struchtúir na teanga. Bhí sé i gceist ag an taighde seo, túsphlé a spreagadh ar eolas

gramadúil bunmhúinteoirí faoi oiliúint sna hinstitiúidí oideachais agus ar theagasc na gramadaí dóibh.

Is mar seo a leanas a leagfar amach an t-alt. Cuirfear torthaí na hanailíse earráidí i láthair ag tús an ailt. Ina dhiaidh sin, cuirfear síos ar: an sainmhíniú ar léireolas a threoraigh an staidéar; dearadh na dtrialacha gramadaí; an idirghabháil oideolaíoch; agus hipitéisí an staidéir. Pléifear príomhthorthaí an taighde i bhfianaise na litríochta a bhaineann le teagasc an dara teanga. Ar deireadh, dearfar conclúidí a eascraíonn ón taighde agus déanfar roinnt moltaí maidir leis an teagasc foirm-dhírithe in oideachas bunmhúinteoirí.

**2. An Anailís Earráidí**

Tugadh faoi anailís ábhair a dhéanamh ar cheist amháin ó scrúdpháipéar BOid 1 (n=80) ag deireadh na bliana acadúla 2014/2015. Socraíodh ar chead a fháil ón 80 mac léinn don anailís ábhair mar go mbeadh timpeall an líon céanna mac léinn páirteach san idirghabháil foirm-dhírithe an chéad seimeastar eile. Níorbh fhéidir na mic léinn céanna a roghnú́ is a bheadh páirteach sa tionscadal taighde mar go n-athraíonn na grúpaí́ Gaeilge gairmiúla gach bliain. Cinneadh go raibh sé tábhachtach go mbeadh cainteoirí dúchais, cainteoirí ar ard-chumas Gaeilge agus mic léinn nach raibh ach cumas measartha maith sa Ghaeilge acu san áireamh sa sampla scríbhneoireachta le réimse cumais a thomhas. Mar sin, bhí ocht nduine dhéag de na mic léinn sa sampla i mbun an chúrsa *Modúil trí Ghaeilge*. De ghnáth is iad na mic léinn a bhfuil ardchumas acu sa Ghaeilge is mó a roghnaíonn an cúrsa seo. B’iarrthóirí Gaeltachta ceathrar mac léinn sa sampla.

Dearadh fráma tagartha le rangú a dhéanamh ar na hearráidí a bhí bunaithe ar an leabhar *Cruinnscríobh na Gaeilge* (Mac Murchaidh, 2013). Cuireadh cúpla rannóg bhreise leis a bhí tagtha chun solais i dtaighde Walsh (2007) ar earráidí scríofa Gaeilge. An sainmhíniú a úsáideadh ar ‘earráid’ ná cás ar bith ina raibh focal nó foirm d’fhocal nach gcloíonn leis an gCaighdeán Oifigiúil (Tithe an Oireachtais, 2012). Aithníonn an taighdeoir mar sin go bhfuil botúin (Larsen-Freeman & Long, 1991)—is é sin samplaí d’easpa cúraim na mac léinn—i measc na n-earráidí a taifeadadh. Socraíodh gur leor anailís a dhéanamh ar cheist amháin ó scrúdpháipéir BOid 1, mar go raibh méid indéanta focal ann le hanailís a dhéanamh orthu agus mar gheall go raibh neart earráidí ag teacht chun cinn sa mhéid sin focal. Bhí gach freagra

scríofa thart faoi 300 focal ar fhad agus mar sin rinneadh anailís ar thart faoi 24,000 focal. Cláraíodh 4,460 earráid leis an ríomhchlár NVivo, figiúr a léirigh go raibh earráid le fáil in thart faoi 18.23% den sampla scríbhneoireachta. Léiríonn Tábla 1 liosta aicmí na n-earráidí in ord na n-earráidí ba mhinice agus líon na mac léinn a rinne an earráid. Tháinig fo-aicmí faoi gach móraicme, mar shampla, i gcás aicme na haidiachta, cláraíodh earráidí faoi na fo-aicmí seo a leanas: ró (-) agus an-; an aidiacht san uimhir uatha i ndiaidh ainmfhocail bhaininscnigh; an aidiacht shealbhach; an aidiacht san uimhir iolra; céimeanna comparáide na haidiachta; agus an aidiacht san uimhir uatha i ndiaidh ainmfhocail fhirinscnigh.

| Catagóirí na hAnailíse | Líon na Mac Léinn | Líon na nEarráidí |
|---|---|---|
| An Réamhfhocal | 75 | 489 |
| An Aidiacht | 72 | 262 |
| An Tuiseal Ginideach | 73 | 251 |
| Na Briathra Rialta | 65 | 246 |
| Na Briathra Neamhrialta | 50 | 173 |
| An tAinm Briathartha & an Aidiacht Bhriathartha | 57 | 150 |
| An tAinmfhocal | 58 | 148 |
| Dul an Bhéarla ar an nGaeilge | 58 | 147 |
| Séimhiú gan choinne | 56 | 119 |
| An Chopail | 58 | 118 |
| Na hUimhreacha | 47 | 75 |
| An Clásal Coibhneasta | 38 | 70 |
| Pointí Breise | 33 | 60 |
| Urú gan choinne | 27 | 37 |
| An Chiall a bheith Doiléir | 19 | 31 |
| Suíomh, Gluaiseacht agus Treo | 17 | 25 |

*Tábla 1: Líon na nEarráidí agus Líon na Mac Léinn*

Na haicmí ba mhó ina ndearnadh earráid ná: na réamhfhocail, an aidiacht, an tuiseal ginideach, na briathra rialta, na briathra neamhrialta, an t-ainm briathartha, dul an Bhéarla ar an nGaeilge, séimhiú gan choinne, an chopail agus na huimhreacha. Rinne níos mó ná leath na

mac léinn earráid amháin ar a laghad sna haicmí sin. Bhain an líon ba mhó earráidí leis na réamhfhocail (11% de na hearráidí ar fad), agus 94% de na mic léinn ag déanamh earráidí san aicme seo. Cé nach raibh sé i gceist ag an taighde seo comparáid shonrach le hanailísí ábhair a rinneadh ar an nGaeilge scríofa cheana (Ó Baoill, 1981; Ó Domhnalláin & Ó Baoill, 1978; Ó Domhnalláin & Ó Baoill, 1979; Walsh, 2007), is léir gurbh iad na hearráidí céanna a tháinig chun cinn sna hanailísí éagsúla cé nach mbeadh an t-ord olcais díreach mar an gceanna i ngach anailís. Léiríonn an taighde go mbíonn fíor deacrachtaí ag foghlaimeoirí Gaeilge le: cur i bhfeidhm na copaile, cén uair le séimhiú a chur isteach, na réamhfhocail, an tuiseal ginideach, agus le húsáid an bhriathair i gcoitinne.

Is díol spéise é go ndearna 72.5% de mhic léinn an tsampla seo earráid san aicme Dul an Bhéarla ar na nGaeilge. D'úsáid Ó Domhnalláin agus Ó Baoill (1978) an téarma '*contrárachtaí teanga'* le cur síos a dhéanamh ar ghnéithe den mháthairtheanga a bhíonn le sonrú sa sprioctheanga. Ba léir ó na samplaí go raibh bunús na n-earráidí mar a bhí in Ó Baoill (1981): is é sin, aistriúchán ón mBéarla, focal ar lár, earráid leis an gcopail, focail san ord mícheart, caint dhíreach agus indíreach mar aon le húsáid focail mhíchearta. Tá samplaí d'earráidí na mac léinn san aicme seo léirithe i dTábla 2.

1. *Tá sé an-mhaith agus tábhacht freisin. Tá sé a lán spraoi.*
2. *I meánscoil bhain mé an taitneamh as an rang.*
3. *Nuair a chuaigh mé go dtí an Ghaeltacht leis an choláiste ag Cáisc bhí sé mo chéad am.*
4. *Ansin bhí mo chuid Gaeilge ar chaighdeann go maith ach fuair mé íontas mór sa mheánscoil.*
5. *Tá a fhios agam go bhfuil seachtain na Gaeilge ar siúl ach measaim nach bhfuil sin go leor.*
6. *Ach ní úsáideann an iomarca daoine an teanga.*
7. *Tá ró-iomarca béim ar an nGaeilge scríofa.*

| |
|---|
| 8. *Tá Gaeilge an teanga don tír seo agus sin é an fáth tá níos mó daoine ag iarraidh a labhraíonn Gaeilge.* |
| 9. *Níl sé cad atá Gaeilge faoi ar core ar bith.* |
| 10. *Ba mhaith leor craic agus spraoi a fháil as an nGaeilge.* |

*Tábla 2: Samplaí de Thionchar an Bhéarla ar Scríbhneoireacht Ghaeilge na Mac Léinn*

Ag eascairt ón anailís roghnaíodh na ceithre spriocstruchtúr seo a leanas do chlár teagaisc na hidirghabhála:

- Na hUimhreacha (59%)
- An Aidiacht Shealbhach (48%)
- Na Réamhfhocail Shimplí mar chúis le séimhiú ar chonsan (79%)
- An tAinm Briathartha (71%)

Léiríonn an figiúr idir na lúibíní líon na mac léinn a rinne earráid leis an struchtúr san anailís ábhair. Roghnaíodh na struchtúir áirithe seo de bhrí go raibh earráid á déanamh ag céatadán suntasach de na mic léinn leo san anailís earráidí; gur struchtúir iad a bhíonn in úsáid go rialta ag múinteoirí bunscoile; go bhféadfaí iad a chuimsiú taobh istigh de theorainn ama d'ocht seachtaine; agus mar gheall go raibh réimse castachta i gceist. De réir an tsainmhínithe a bhí ag Hulstijn & de Graff (1994) ar chastacht struchtúr, is struchtúr simplí é na réamhfhocail shimplí agus is struchtúr casta é an t-ainm briathartha. Léiríonn Sampla 1 agus Sampla 2 thíos líon na gcritéar ar gá don fhoghlaimeoir a chur i bhfeidhm leis an dá struchtúr a ghiniúint go cruinn.

*Sampla 1*

Réamhfhocal Simplí

Tá cóta ar S(h)eán. (Tá critéir amháin le cur i bhfeidhm)

*Sampla 2*

An t-ainm briathartha

*An féidir liom deoch a fháil?*

*(Tá réimse critéar i gceist anseo a éilíonn ar an bhfoghlaimeoir, athstruchtúrú a dhéanamh struchtúr na habairte i mBéarla (cuspóir, briathar agus ainmní), go*

*struchtúr abairte na Gaeilge (cuspóir, ainmní, agus briathar), agus a éilíonn orthu an t-ainm briathartha a úsáid go cruinn ag deireadh na habairte).*

**3. Sainmhíniú ar Léireolas**

Bhí sé i gceist ag an staidéar seo iniúchadh a dhéanamh ar thionchar an teagaisc fhollasaigh ar fhorbairt léireolais na mac léinn ar na ceithre spriocstruchtúr. Bhí dhá leibhéal feasachta i gceist leis an sainmhíniú ar léireolas a threoraigh an staidéar: (i) tabhairt-faoi-deara chomhfhiosach ar na spriocstruchtúir ghramadaí agus (ii) eolas riailbhunaithe a fhógairt ar na spriocstruchtúir ghramadaí (Schmidt, 2001). Dar le Schmidt, is é an tabhairt-faoi-deara an chéad leibhéal feasachta ar ghá don fhoghlaimeoir a shroicheadh roimh shealbhú na foirme. Éilíonn an dara leibhéal feasachta, is é sin, fógairt an eolais riailbhunaithe nó an eolais fhógraigh, tuiscint an fhoghlaimeora ar an struchtúr, agus leibhéal feasachta níos airde ná an tabhairt-faoi-deara amháin.

**4. An Triail Ghramadaí**

Ba dhearadh amsraitheanna a bhí sa taighde. Dearadh trí leagan de thriail ghramadaí le bheith mar: Réamhthriail (Céim a hAon: roimh an idirghabháil); Iarthriail (Céim a Dó: díreach i ndiaidh na hidirghabhála); agus Iarthriail mhoillithe (Céim a Trí: seacht seachtaine i ndiaidh na hidirghabhála). Bhí trí chuid sa triail mar a mínítear thíos faoi:

- Cuid A: Ba thriail bhreithiúnais ghramadúil gan teorainn ama a bhí i gCuid A (Ellis, 2005). Iarraidh ar na mic léinn an abairt a léamh agus tic a chur sa bhosca le léiriú cé acu abairt chruinn nó abairt mhíchruinn a bhí ann. Rinne an chuid seo den triail measúnú ar thabhairt faoi deara na múinteoirí faoi oiliúint ar na spriocstruchtúir ghramadaí.
- Cuid B: Bhí 16 mhír i gCuid Bi agus i gCuid Bii den triail ghramadaí. Bhain ceithre mhír le gach ceann de na ceithre spriocstruchtúr. Iarradh ar na mic léinn an abairt a léamh agus: (i) an earráid a thabhairt faoi deara san abairt agus an ceartú cuí a dhéanamh (Cuid Bi); (ii) pé ceartúcháin a bhí déanta acu san abairt roimhe a mhíniú (Cuid Bii). Cé go bhféadfadh foghlaimeoir eolas intuigthe a chur i bhfeidhm i gCuid Bi, rinne Cuid Bii den triail tástáil shonrach ar eolas fógrach na mac léinn ar na spriocstruchtúr.

- Cuid C: Ba thriail mheititheangeolaíochta (Alderson & Hudson, 2013) a bhí i gCuid C. Iarradh ar na mic léinn sampla a scríobh leis an téarmaíocht meititheangeolaíochta a léiriú.

**5. An Idirghábháil Oideolaíoch**

Cuireadh an idirghabháil foirm-dhírithe i bhfeidhm le linn seimineár sa Ghaeilge Ghairmiúil, a bhí ag ceithre rang-ghrúpa BOid 2 (n=60), i rith ocht seachtaine sa chéad seimeastar 2015/2016. Mhair gach rang 50 nóiméad agus ba í an taighdeoir féin a bhí mar theagascóir ar na grúpaí turgnamhacha. De ghnáth díríonn an cúrsa sa Ghaeilge Ghairmiúil ar scileanna teanga na mac léinn a fhorbairt trí thascanna ilghnéitheacha teanga a bhfuil an ghramadach mar chuid díobh. Dhírigh na grúpaí turgnamhacha sa staidéar seo ar fhoghlaim na spriocstruchtúr amháin, le linn na hdirghábhála.

Cuireadh cur chuige déaduchtach i bhfeidhm le dhá ghrúpa, agus cuireadh cur chuige ionduchtach-follasach i bhfeidhm le dhá ghrúpa. Sna grúpaí déaduchtacha chuir an teagascóir an riail ghramadaí i láthair na bhfoghlaimeoirí ag tús an ranga agus rinne na mic léinn cleachtadh ar an riail ó bhéal agus i scríbhinn ina dhiaidh sin. Chláraigh na mic léinn na rialacha ar an gcóras leictreonach. Sna grúpaí ionduchtacha, leanadh an cur chuige céanna agus a bhí in Ní Dhiorbháin & Ó Duibhir (2016). Cuireadh samplaí d'ionchur saibhrithe ar shleamhnáin *PowerPoint* os comhair na bhfoghlaimeoirí agus iarradh orthu: Cad a thugann sibh faoi deara? An bhfeiceann sibh riail? An bhfeiceann sibh patrúin? Ghlac na mic léinn páirt i meitea-chaint eatarthu féin agus leis an múinteoir leis an eolas riailbhunaithe a fhógairt go cruinn. Tar éis dóibh teacht ar chomhaontú maidir leis an riail, chláraigh na múinteoirí faoi oiliúint an t-eolas i leagan leictreonach den dialann mhachnaimh (Ní Dhiorbháin & Ó Duibhir, 2016), agus rinne siad cleachtadh ar an riail.

Dearadh na ceithre hipitéis seo a leanas le tionchar an teagaisc fhollasaigh ar ghnóthachtáil na mac léinn ar na ceithre spriocstruchúr a mheas.

## 6. Hipitéisí an Staidéir

- Hipitéis 1: Beidh difríocht shuntasach i ngnóthachtáil na mac léinn ar na ceithre spriocstruchtúr ag Céim a hAon agus ag Céim a Dó; agus ag Céim a hAon agus ag Céim a Trí.
- Hipitéis 2: Léireofar difríocht shuntasach níos mó, i ndul chun cinn na mac léinn ar struchtúir áirithe, ó Chéim a hAon go Céim a Trí.
- Hipitéis 3: Beidh difríocht shuntasach idir gnóthachtáil na mac léinn sa ghrúpa ionduchtach agus gnóthachtáil na mac léinn sa ghrúpa déaduchtach ar na ceithre spriocstruchtúr ag Céim a hAon agus ag Céim a Trí.
- Hipitéis 4: Beidh difríocht shuntasach idir eolas gnásúil (Cuid Bi) agus eolas fógrach(Cuid Bii) na mac léinn ar na ceithre spriocstruchtúr ag céimeanna an taighde.

Cinneadh anailís a dhéanamh ar chodanna Bi agus Bii den triail ghramadaí, le fiosrú cruinn a dhéanamh ar ghnóthachtail na mac léinn ar na ceithre struchtúr, de réir an dá leibhéal feasachta a bhí mínithe ag Schmidt (2001).

## 7. Torthaí an Staidéir

### *7.1. Hipitéis 1*

Léirigh ANOVA atriallach ar mheánscóir na mac léinn go raibh difríocht shuntasach ag an leibhéal staitistice ab airde (p = <.001) i ngnóthachtáil na mac léinn ar na ceithre spriocstruchtúr sna trí chuid den triail ghramadaí, ó Chéim a hAon go Céim a Dó, gan ach titim bheag sna torthaí ag Céim a Trí. Léiríodh tomhas mór éifeachta ar gach struchtúr ag Céim a Trí i gCuid Bi agus i gCuid Bii den triail mar atá léirithe i dTábla 3.

| An Triail | An Spriocstruchtúr | Torthaí an ANOVA |
|---|---|---|
| Cuid Bi | Uimhreacha | F (1,1) = 228.44, p = <.001,<br>páirt-eta cearnaithe = .815 |
| | Aidiacht Shealbhach | F (1,1) = 22.28, p < .001,<br>páirt-eta cearnaithe = .299 |
| | Na Réamhfhocail | 129.225, p < .001,<br>páirt-eta cearnaithe =. 713 |

| | | |
|---|---|---|
| | An tAinm Briathartha | F (1,1) = 89.414, p < .001, páirt-eta cearnaithe = .632 |
| Cuid Bii | Uimhreacha | F (1,1) = 144.27, p < .001, páirt-eta cearnaithe = .735 |
| | Aidiacht Shealbhach | F (1,1) = 17.450, p < .001, páirt-eta cearnaithe = .251 |
| | Na Réamhfhocail | F (1,1) = 220.448, p < .001, páirt-eta cearnaithe = .809 |
| | An tAinm Briathartha | F (1,1) = 59.08, p < .001, páirt-eta cearnaithe = .537 |

*Tábla 3: Torthaí an ANOVA de réir an Spriocstruchtúir*

Níl torthaí an ANOVA mar atá curtha i láthair anseo ceartaithe le haghaidh ilchomparáidí.

D'fhéadfaí a léamh ar na torthaí seo go raibh an teagasc follasach agus an dá chur chuige follasacha an-éifeachtach le forbairt a dhéanamh ar léireolas na múinteoirí faoi oiliúint ar na ceithre spriocstruchtúr sa staidéar seo.

*7.2. Hipitéis 2*

D'fhiosraigh an dara hipitéis dul chun cinn na bhfoghlaimeoirí ar na ceithre spriocstructúr éagsúla ó Chéim a hAon go Céim a Trí. Ag Céim a hAon, léirigh torthaí tuairisciúla an tsampla iomláin, gur éirigh leis na múinteoirí faoi oiliúint an toradh ab airde a bhaint amach i rannóg na haidiachta sealbhaí i gCuid Bi (M=71.61% DC: 34.26), agus i gCuid Bii (M=54.87%, DC:38.42) den triail. Bhain siad amach na scóir ab ísle i rannóg na n-uimhreacha (M:33.26%; DC: 23.17) i gCuid Bi; agus i rannóg an ainm bhriathartha (M=5.93%, DC: 13.00) i gCuid Bii ag Céim a hAon. Léirigh an anailís thuairisciúil ar dhul chun cinn na mac léinn ó Chéim a hAon go Céim a Trí, gur tháinig an feabhas ba mhó ar rannóg na n-uimhreacha i gCuid Bi den triail (M + 52.05%) agus i rannóg na réamhfhocal simplí i gCuid Bii (+ 50.6%) den triail. Léiríonn Tábla 4 meánscóir na múinteoirí faoi oiliúint ar na ceithre struchtúr ag Céim a hAon, Céim a Dó agus ag Céim a Trí. Is díol spéise é go raibh gnóthachtáil na mac léinn i rannóg na n-uimhreacha, na haidiachta sealbhaí agus na réamhfhocal nach mór ar comhchéim i gCuid Bi agus i gCuid Bii ag Céim a Trí.

Cé gur tháinig ardú suntasach ar chuid an ainm bhriathartha ó Chéim a hAon go Céim a Trí (+28.16 % Cuid Bi; + 26.53 % Cuid Bii), ba é an struchtúr ba laige fós é ag an dá ghrúpa ag Céim a Trí i gCuid Bi (M= 77.23, DC:21.80, grúpa ionduchtach; M= 71.98, DC: 19.67, grúpa déaduchtach), agus i gCuid Bii (M = 33.27%, DC: 25.70, grúpa ionduchtach; M = 29.74%, DC: 27.83, grúpa déaduchtach). D'fhéadfaí a léamh, bunaithe ar na torthaí seo, go bhfuil struchtúr áirithe atá níos éasca le foghlaim ná struchtúir eile agus go dtagann feabhas níos suntasaí ar ghnóthachtáil mac léinn ar struchtúr ar leith i ndiaidh an teagaisc fhollasaigh. D'fhéadfaí a áitiú chomh maith gur struchtúr casta é an t-ainm briathartha d'fhoghlaimeoirí Gaeilge.

| Triail | Struchtúr | Céim | % | DC |
|---|---|---|---|---|
| Part Bi (eolas gnásúil) | Uimhreacha | C1 | 33.26 | 23.17 |
| | | C2 | 87.05 | 16.13 |
| | | C3 | 85.31 | 15.51 |
| | An Aidiacht Shealbhach | C1 | 71.61 | 34.26 |
| | | C2 | 96.82 | 8.41 |
| | | C3 | 86.40 | 20.08 |
| | Na Réamhfhocail | C1 | 44.49 | 27.88 |
| | | C2 | 88.64 | 19.73 |
| | | C3 | 89.47 | 15.63 |
| | An tAinm Briathartha | C1 | 46.40 | 27.47 |
| | | C2 | 82.73 | 17.43 |
| | | C3 | 74.56 | 20.72 |
| Part Bii (eolas fógrach) | Uimhreacha | C1 | 19.92 | 22.99 |
| | | C2 | 68.86 | 24.99 |
| | | C3 | 60.75 | 23.91 |
| | An Aidiacht Shealbhach | C1 | 54.87 | 38.42 |
| | | C2 | 85.91 | 24.66 |
| | | C3 | 72.15 | 30.44 |
| | Na Réamhfhocail | C1 | 29.66 | 30.61 |
| | | C2 | 84.09 | 21.58 |
| | | C3 | 80.26 | 24.77 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **An tAinm Briathartha** | **C1** | 5.93 | 13.00 |
| | **C2** | 36.82 | 28.99 |
| | **C3** | 32.46 | 26.71 |

*Tábla 4: Staitisticí Tuairisciúla (meánscór, diall caighdeánach) ag Céim a haon (C1), Céim a dó (C2) agus Céim a trí (C3) do na ceithre struchtúr*

*7.3. Hipitéis 3*

Léirítear i dTábla 5a agus i dTábla 5b torthaí tuairisciúla an ghrúpa ionduchtaigh agus an ghrúpa dhéaduchtaigh de réir na struchtúr i gCuid Bi agus i gCuid Bii den triail ghramadaí. Baineadh feidhm as tástáil ANOVA atriallach le fáil amach an raibh difríocht shuntasach idir gnóthachtáil an dá ghrúpa ar na ceithre struchtúr i gCuid Bi agus i gCuid Bii den triail ghramadaí ag Céim a hAon agus ag Céim a Trí. (Níl torthaí an ANOVA mar atá curtha i láthair anseo ceartaithe le haghaidh ilchomparáidí.) Tháinig difríocht shuntasach chun cinn maidir le gnóthachtáil an ghrúpa ionduchtaigh agus gnóthachtáil an ghrúpa dhéaduchtaigh i gCuid Bi maidir leis na réamhfhocail (F (1,1) = 6.983, p = .01, páirt-eta cearnaithe = .118) agus leis an ainm briathartha (Grúpa: F (1,1) = .639, p = 0.428, páirt-eta cearnaithe = .012) amháin. Léirigh comparáid idir meánscóir na ngrúpaí gur bhain an grúpa ionduchtach 8.41% sa bhreis amach ar an ngrúpa déaduchtach i rannóg na réamhfhocal simplí agus gur bhain siad 5.25% sa bhreis amach orthu i rannóg an ainm bhriathartha. Ní raibh difríocht shuntasach idir an dá ghrúpa i gCuid Bi maidir leis na huimhreacha (F (1,1) = 2.90, p = <.0.095) ná leis an aidiacht shealbhach (F (1,1) = .549, p = <.462). Níor léiríodh, áfach, go raibh difríocht shuntasach idir gnóthachtáil an dá ghrúpa ar aon cheann de na ceithre struchtúr i gCuid Bii (Uimhreacha, Grúpa: F (1,1) = .949, p = .334, páirt-eta cearnaithe = .018; Aidiacht Shealbhach, Grúpa: F (1,1) = .095, p = .760, páirt-eta cearnaithe = .002; Na réamhfhocail Shimplí, Grúpa: F (1,1) = 3.227, p = .078, páirt-eta cearnaithe = .058; An tAinm Briathartha F (1,1) = 2.948, p = .092, páirt-eta cearnaithe = .055). Is léir nach bhfuil na torthaí seo láidir go leor le cur chuige amháin a mholadh thar cur chuige eile. Is fiú tabhairt faoi thuilleadh taighde ar an ábhar.

| | Céim a hAon | Céim a Dó | Céim a Trí |
|---|---|---|---|
| An Struchtúr | Meán (DC) | Meán (DC) | Meán (DC) |
| Uimhreacha | | | |
| Cuid Bi | 38.33 (28.03) | 86.61 (18.30) | 87.50 (14.43) |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Cuid Bii | 22.92 (23.69) | 71.43 (26.76) | 62.05 (26.24) |
| An Aidiacht Shealbhach | | | |
| Cuid Bi | 76.67 (31.44) | 97.32 (7.84) | 86.61 (24.04) |
| Cuid Bii | 52.5 (42.22) | 89.29 (21.97) | 70.54 (36.83) |
| Réamhfhocail Shimplí | | | |
| Cuid Bi | 45.83 (27.92) | 97.32 (7.87) | 93.75 (12.95) |
| Cuid Bii | 27.50 (31.04) | 92.86 (15.00) | 84.82 (23.90) |
| An tAinm Briathartha | | | |
| Cuid Bi | 48.75 (26.94) | 82.59 (19.35) | 77.23 (21.80) |
| Cuid Bii | 4.17 (11.53) | 44.47 (28.04) | 35.27 (25.70) |

*Tábla 5a: Torthaí Tuairisciúla an Ghrúpa Ionduchtaigh de réir Struchtúir*


| | Céim a hAon | Céim a Dó | Céim a Trí |
|---|---|---|---|
| An Struchtúr | Meán (DC) | Meán (DC) | Meán (DC) |
| An Aidiacht Shealbhach | | | |
| Cuid Bi | 66.38 (36.76) | 96.30 (9.05) | 86.21 (15.79) |
| Cuid Bii | 57.33 (34.64) | 82.41 (27.13) | 73.71 (23.23) |
| Réamhfhocail Shimplí | | | |
| Cuid Bi | 43.10 (28.27) | 79.63 (24.06) | 85.34 (17.06) |
| Cuid Bii | 31.90 (30.54) | 75.00 (23.77) | 75.86 (5.21) |
| An tAinm Briathartha | | | |
| Cuid Bi | 43.97 (28.27) | 82.87 (15.56) | 71.98 (19.67) |
| Cuid Bii | 7.76 (14.34) | 29.17 (28.38) | 29.74 (27.83) |

*Tábla 5b: Torthaí Tuairisciúla an Ghrúpa Dhéaduchtaigh de réir Struchtúir*

### *7.4. Hipitéis 4*

Léiríonn na torthaí tuairisciúla go raibh difríocht shuntasach i ngnóthachtáil na múinteoirí faoi oiliúint i gCuid Bi agus i gCuid Bii ag Céim a hAon, Céim a Dó agus ag Céim a Trí. Taispeántar go raibh Cuid Bii ní ba laige ná Cuid Bi do gach struchtúr ag na trí chéim den taighde. Taispeánann Fíor 1 barra-chairt de mheánscóir na mac léinn ar na ceithre spriocstruchtúr i gCuid Bi agus i gCuid Bii ag Céim a Trí. Cé go raibh feabhas suntasach tagtha ar eolas fógrach an dá ghrúpa tar éis na hidirghabhála, dearbhaíonn torthaí Bii ag Céim a Dó agus ag Céim a Trí nach raibh an leibhéal léireolais seo—is é sin eolas fógrach ar an spriocstruchtúir—sroichte ag

na mic léinn uile. Léiríodh go raibh deacracht ag na mic léinn le structhúr an ainm bhriathartha go háirithe agus nach raibh ardleibhéal eolais fhógraigh bainte amach ag ceachtar den dá ghrúpa ag Céim a Trí (M = 35.27% Ionduchtach, M = 29.74% Déaduchtach).




*Fíor 1: Meánscóir, Cuid Bi agus Cuid Bii ag Céim a Trí*

**8. Achoimre ar na torthaí**

Hipitéis 1: Léiríodh go raibh difríocht shuntasach i ngnóthachtáil na mac léinn ar na ceithre spriocstruchtúr ag Céim a hAon agus ag Céim a Dó; agus ag Céim a hAon agus ag Céim a Trí. Glactar le hipitéis 1.

Hipitéis 2: Léiríodh difríocht shuntasach ní ba mhó i ndul chun cinn na mac léinn ar struchtúir áirithe (rannóg na n-uimhreacha i gCuid Bi, agus rannóg na n-réamhfhocal simplí i gCuid Bii) ag Céim a Trí. Glactar le hipitéis 2.

Hipitéis 3: Taispeánadh go raibh difríocht shuntasach, gan ach tomhas meánach éifeachta léirithe, idir gnóthachtáil an ghrúpa ionduchtaigh agus an ghrúpa dhéaduchtaigh i rannóg na réamhfhocal agus i rannóg an ainm bhriathartha i gCuid Bi den triail ghramadaí amháin. Níor

léiríodh go raibh difríocht shuntasach idir gnóthachtáil an dá ghrúpa i gCuid Bii den triail. Glactar go trialach le cuid de hipitéis 3.

Hipitéis 4: Dearbhaíodh go raibh difríocht i ngnóthachtáil na mac léinn sa ghrúpa ionduchtach agus sa ghrúpa déaduchtach i gCuid Bi agus i gCuid Bii den triail ghramadaí, agus na scóir ab airde á ngnóthachtáil ag na mic léinn i gCuid Bi. Glactar le hipitéis 4.

**9. Plé ar na torthaí**

Éifeachtacht an teagaisc fhollasaigh: Léiríodh difríocht shuntasach le tomhas mór éifeachta ar gach struchtúr ag Céim a Dó agus ag Céim a Trí sa taighde seo. D'fhéadfaí a léamh ar na torthaí seo, go raibh an dá chur chuige follasacha an-éifeachtach le forbairt a dhéanamh ar léireolas na múinteoirí faoi oiliúint ar gach struchtúr, agus gur éirigh leis an dá chur chuige torthaí foghlama fadtréimhseacha a bhaint amach. Taispeánadh go raibh an teagasc follasach éifeachtach le forbairt a dhéanamh ar léireolas na mac léinn ar struchtúr simplí (m.sh na réamhfhocail), agus ar struchtúr casta (an t-ainm briathartha) sa Ghaeilge. D'fhéadfaí a áitiú chomh maith gur foghlaimeoirí inniúla teanga iad na múinteoirí faoi oiliúint a d'éirigh leo dul chun cinn suntasach a dhéanamh i bhforbairt an léireolais nuair a cuireadh idirghabháil foirm-dhírithe, dhéaduchtach nó ionduchtach-follasach i bhfeidhm leo.

Toisc go raibh an teagascóir céanna ag na grúpaí turgnamhacha, d'fhéadfadh éifeachtacht an mhúinteora teacht chun cinn mar athróg sa staidéar. Tá sé áitithe i sintéis taighde ar mhúineadh éifeachtach an dara teanga go mbaineann níos mó tábhachta le tosca an mhúinteora ná leis an gcur chuige oideolaíoch a chuirtear i bhfeidhm sa rang (Harris & Ó Duibhir, 2011). B'fhiú an taighde seo a leathnú amach chuig teagascóirí eile agus chuig sampla mac léinn ní ba mhó.

Ní mór a aithint nuair a caitheadh 50 nóiméad sa tseachtain ar theagasc na spriocstruchtúr sa taighde seo go raibh rath ar an dá chur chuige. De ghnáth, ní bheadh 50 nóiméad sa tseachtain ag dul don ghramadach amháin ar amchlár an BOid. Bheadh an 50 nóiméad roinnte ar thascanna ilghnéitheacha teanga a bhfuil an ghramadach mar chuid díobh. B'fhiú athbhreithniú a dhéanamh ar chúrsaí amchláir sna hinstitiúidí oideachais má táthar ag súil le torthaí foghlama ar ardchaighdeán a bhaint amach.

Comparáid idir an dá chur chuige follasacha: Cé go raibh difríocht shuntasach idir gnóthachtáil an ghrúpa ionduchtaigh agus an ghrúpa dhéaduchtaigh i rannóg na réamhfhocal agus i rannóg an ainm bhriathartha i gCuid Bi den triail ghramadaí ag Céim a Trí, ba thomhas meánach éifeachta a léiríodh. Níl na torthaí seo láidir go leor anseo le cur chuige amháin a mholadh thar chur chuige eile. B'fhiú breis iniúchta a dhéanamh ar éifeachtacht an dá chur chuige fhollasacha, nuair a bheadh níos mó ama ag dul dóibh. Tugtar le fios sa litríocht go nglacann an cur chuige ionduchtach níos mó ama ná cur chuige déaduchtach toisc go bhfuil sé níos casta le cur i bhfeidhm agus go mbíonn níos lú ama ag foghlaimeoirí cleachtaí a dhéanamh dá bharr (Ellis & Shintani, 2014).

**Castacht an ainm bhriathartha:** Tháinig sé chun solais sa staidéar seo gur bhain dúshlán ar leith le struchtúr an ainm bhriathartha. Is díol spéise é iniúchadh a dhéanamh ar an litríocht le teacht i dtuiscint ar chastacht an ainm bhriathartha d'fhoghlaimeoirí Gaeilge**.**

- Dar le hEllis (2009), baineann castacht le struchtúr nuair a éilítear meititheanga ón bhfoghlaimeoir chun an t-eolas riailbhunaithe a fhógairt. Mar shampla, d'fhéadfaí a rá i dtéarmaí simplí gurb é an réamhfhocal is cúis le séimhiú ar chonsan i gcásanna áirithe: 'Cuireann *ar* h ar chonsan'. Leis an ainm briathartha a mhíniú, m.sh. 'Tá sé á *d(h)éanamh',* bheadh sainteanga a bhaineann leis an ainm briathartha, comhréir na habairte, inscne an ainmfhocail agus uimhir uatha agus uimhir iolra an ainmfhocail de dhíth ar an bhfoghlaimeoir.
- Dar le Hulstijn & de Graff (1994), baineann tábhacht le raon agus iontaofacht an struchtúir agus castacht á meas. Tá raon leathan ag an ainm briathartha, is é sin le rá go n-úsáidtear é i réimse comhthéacsanna. Sa triail ghramadaí, mar shampla, bhí trí chomhthéacs éagsúla ann: *Táim á d(h)éanamh; Is maith liom bheith ag snámh; An bhfuil cead agam ceist a chur air?* Cothaíonn an t-ainm briathartha dúshlán le hiontaofacht chomh maith, mar go bhfuil patrúin éagsúla ann, m.sh. '*An bhfuil cead agam deoch a fháil?*' (an t-ainm briathartha ag deireadh na habairte) ach '*An bhfuil cead agam dul amach sa chlós*?' (an t-ainm briathartha i lár na habairte).
- Is struchtúr é an t-ainm briathartha Gaeilge atá éagsúil leis an ainm briathartha i mBéarla. Tá comhréir na habairte—m.sh. *An féidir liom leabhar a léamh?* (ainmní,

cuspóir, briathar) éagsúil leis an ord focal a bheadh san abairt chéanna i mBéarla: *Can I read a book?* (ainmní, briathar, cuspóir). Tá faisnéis in anailís ábhair an staidéir seo agus i dtaighde eile (Ó Baoill, 1981; Ó Domhnálláin & Ó Baoill, 1978; Walsh, 2007) a thugann le fios go gcothaíonn éagsúlachtaí idir Béarla agus Gaeilge dúshláin ar leith d'fhoghlaimeoirí Gaeilge. Léirigh na múinteoirí faoi oiliúint i staidéar Graus & Coppen (2015) an phríomhchúis a raibh deacracht acu le struchtúr ná an difríocht atá idir T1 (Ollainnis) agus T2 (Béarla).

- Léiríonn taighde Della Putta (2016) go mbaineann níos mó castachta le struchtúr gramadaí a éilíonn dífhoghlaim (*unlearning*) ón bhfoghlaimeoir. Is é is brí le dífhoghlaim ná nuair a bhíonn ar an bhfoghlaimeoir bac a chur ar ghníomhachtú uathoibríoch struchtúr na chéad teanga, leis an struchtúr a fhógairt go cruinn sa dara teanga, mar a tharlódh i gcás an ainm bhriathartha. Mar shampla leis an abairt '*An bhfuil cead agam deoch a fháil*?' a fhógairt go cruinn sa Ghaeilge, bheadh ar an bhfoghlaimeoir arb é an Béarla a chéad teanga bac a chur leis an ord focal a shealbhaigh sé sa Bhéarla agus athstruchturú a dhéanamh.

**10. Eolas fógrach agus Eolas Gnásúil.**

Taispeánadh go raibh torthaí na mac léinn ar Chuid Bi den triail ghramadaí, a rinne tástáil ar eolas gnásúil, níos ísle ná torthaí ar Chuid Bii den triail, a rinne tástáil ar eolas fógrach na mac léinn, ar na ceithre spriocstruchtúr ag na trí chéim den taighde. Tagann an toradh seo le taighde eile (m.sh. Green & Hecht, 1992) ina léirítear bearna idir an cumas a bhíonn ag foghlaimeoirí sna rannóga *'conas'* agus '*cén fáth'.* Is féidir linn a léamh ar na torthaí seo nach ionann an cumas a bhíonn ag foghlaimeoirí maidir le heolas gnásúil agus eolas fógrach ar an teanga, agus go mbaineann dúshlán sa bhreis le giniúint an eolais fhógraigh d'fhoghlaimeoirí teanga. Ní mór a aithint go mbaineann tábhacht ar leith le hardchaighdeán eolais fhógraigh a bheith ag múinteoirí teanga mar gur dlúthchuid dá saineolas gairmiúil é (Andrews, 2007).

**11. Conclúid agus Moltaí**

Taispeánadh sa staidéar seo go raibh an teagasc follasach an-éifeachtach le forbairt a dhéanamh ar léireolas grúpa bunmhúinteoirí faoi oiliúint ar cheithre spriocstruchtúr sa Ghaeilge a raibh réimse castachta ag baint leo. Thug torthaí an staidéir le fios go raibh an cur chuige déaduchtach agus an cur chuige ionduchtach-follasach araon, éifeachtach le torthaí

foghlama fadtréimhseacha a bhaint amach. Cé gur léiríodh difríocht shuntasach le tomhas mór éifeachta i ngnóthachtáil na bhfoghlaimeoirí ar na ceithre struchtúr, tháinig feabhas ní ba mhó ar struchtúir áirithe i ndiaidh an teagaisc fhollasaigh. Eascraíonn moladh ón taighde, an staidéar seo a leathnú amach chuig teagascóirí agus grúpaí eile múinteoirí faoi oiliúint, thar thréimhse ama níos faide, le fiosrú an mbeadh torthaí comhchosúla ann, nó an léireofaí idirdhealú idir an dá chur chuige fhollasacha.

Ba ghrúpa foghlaimeoirí ar leith iad na múinteoirí faoi oiliúint a ghlac páirt sa staidéar seo. Teastaíonn caighdeán sásúil léireolais uathu má tá siad le feidhmiú go héifeachtach mar mhúinteoirí teanga (Andrews, 2007). Léirigh torthaí na hanailíse earráidí go raibh earráidí coitianta le sonrú i scríbhneoireacht Ghaeilge na múinteoirí faoi oiliúint. Eascraíonn moladh ón taighde go dtabharfaí faoi anailís earráidí ar scríbhneoireacht Ghaeilge múinteoirí faoi oiliúint sna hinstitiúidí oideachais ar scála níos mó agus clár teagaisc a dhearadh ina mbeidh oideoirí múinteoirí in ann teacht roimh na hearráidí ar bhealach sistéamach. Agus clár teagaisc ar leith á ullmhú do mhúinteoirí faoi oiliúint, níor mhór deiseanna a thabhairt dóibh anailís a dhéanamh ar chontrárachtaí teanga, mar aon le heolas gnásúil agus eolas fógrach a fhorbairt ar na bunstruchtúir teanga is riachtanaí don seomra ranga bunscoile. B'fhiú aird a thabhairt ar struchtúir ar nós an ainm bhriathartha a bhfuil castacht ag baint leo agus a bhíonn in úsáid go rialta ag múinteoirí bunscoile. Níor mhór an t-am cuí a chaitheamh ar an teagasc foirm-dhírithe sna hinstitiúidí oideachais agus an measúnú cuí a dhéanamh ar fhorbairt léireolais na mac léinn le linn a gcéime. Tá ábhar machnaimh sa taighde seo.

**Nóta**

Is mór agam tacaíocht na Comhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta a thug maoiniú don tionscadal taighde seo.

**Gluais**

ANOVA atriallach: repeated measures ANOVA

Cur chuige déaduchtach: deductive approach

Cur chuige follasach: explicit approach

Cur chuige ionduchtach-follasach: explicit-inductive approach

Dearadh am-sraitheanna: time series design

Dialann mhachnaimh: reflective diary

Eolas fógrach: declarative knowledge

Eolas gnásúil: procedural knowledge

Léireolas: explicit knowledge

Meitea-chaint: meta-talk

Triail bhreithiúnais ghramadúil gan teorainn ama: untimed grammaticality judgement test

Triail mheititheangeolaíochta: metalinguistic test

**Tagairtí**


Alderson, J. C., & Hudson, R. (2013). The metalinguistic knowledge of undergraduate students of English language or linguistics. *Language Awareness, 22*(4), 320-337. doi: 10.1080/09658416.2012.722644

An Chomhairle Mhúinteoireachta. (2011). *Oideachas tosaigh múinteoirí: Critéir agus treoirlínte do sholáthraithe cláir.* Maigh Nuad: An Chomhairle Mhúinteoireachta.

An Chomhairle Náisiúnta Curaclam agus Measúnachta. (2015). *Curaclam Teanga na Bunscoile.* Ar fáil ag: http://curriculumonline.ie/Primary/Curriculum-Areas/Language-New-Junior-infants-2nd-class?lang=ga-IE

Andrews, S. (2007). *Teacher Language Awareness*. Cambridge: Cambridge University Press.

Della Putta, P. (2016). The effects of textual enhancement on the acquisition of two nonparallel grammatical features by Spanish-speaking learners of Italian. *Studies in Second Language Acquisition, 38*(2), 217-238. doi:10.1017/S0272263116000073

Ellis, R. (2005). Measuring implicit and explicit knowledge of a second language : A psychometric study. *Studies in Second Language Acquisition, 27*(2), 141-172. doi:10.1017/S0272263105050096

Ellis, R. (2009). Investigating learner difficulty in terms of implicit and explicit knowledge. In R. Ellis, S. Loewen, C. Elder, J. Philp & H. Reinders (Eag.), *Implicit and Explicit Knowledge in Second Language Learning, Testing and Teaching* (lch 143-167). Bristol: Multilingual Matters.

Ellis, R. (2015). Form-focused instruction and the measurement of implicit and explicit L2 knowledge. In P. Rebuschat (Eag.), *Implicit and Explicit Learning of Languages* (lch 417-441). Amstardam: John Benjamins Publishing Company.

Ellis, R., & Sintani, N. (2014). *Exploring Language Pedagogy through Second Language Research*. Londain: Routledge.

Erlam, R., Philp, J., & Elder, C. (2009). Exploring the explicit knowledge of TESOL teacher trainees: Implications for focus on form in the classroom. In R. Ellis, S. Loewen, C. Elder, R. Erlam, J. Philp & H. Reinders (Eag.), *Implicit and Explicit Knowledge in Second Language Learning, Testing and Teaching* (lch 216-236). Bristol: Multilingual Matters.

Glaser, K. (2014). *Inductive or Deductive? The Impact of Method of Instruction on the Acquisition of Pragmatic Competence in EFL*. Newcastle upon Tyne: Cambridge Scholars Publishing.

Graus, J., & Coppen, P. (2015). Defining grammatical difficulty: A student teacher perspective. *Language Awareness 24*(2), 101-23. doi:10.1080/09658416.2014.994639

Green, P. S., & Hecht, K. (1992). Implicit and explicit grammar: An empirical study. *Applied Linguistics. 13*(2), 168-184.doi: 10.1093/applin/13.2.168

Harris, J., & Ó Duibhir, P. (2011). *Múineadh Éifeachtach Teanga: Sintéis ar Thaighde.* (Uimh. 13). Baile Átha Cliath: An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta.

Herron, C., & Tomasello, M. (1992). Acquiring grammatical structures by guided induction. *The French Review, 65*(5), 708-718.

Hulstijn, J. H., & de Graff, R. (1994). Under what conditions does explicit knowledge of a second language facilitate the acquisition of implicit knowledge? A research proposal. *AILA Review*, 11, 97-112.

Larsen-Freeman, D., & Long, M. H. (1991). *An Introduction to Second Language Acquisition Research*. Londain: Longman.

Mac Murchaidh, C. (2013). *Cruinnscríobh na Gaeilge* (5ú eag.). Baile Átha Cliath: Cois Life.

Ní Dhiorbháin, A., & Ó Duibhir, P. (2017). An explicit-inductive approach to grammar in Irish-medium immersion schools. *Language Awareness*, *26*(1), 3-24. doi.org/10.1080/09658416.2016.1261870

Ó Baoill, D. (1981). *Earráidí Scríofa Gaeilge- cuid III, Réamhfhocail agus Comhréir*. Baile Átha Cliath: Institiúid Teangeolaíochta Éireann.

Ó Domhnalláin, T., & Ó Baoill, D.(1978). *Earráidí Scríofa Gaeilge- cuid I, Earráidí Briathra*. Baile Átha Cliath: Institiúid Teangeolaíochta Éireann.

Ó Domhnalláin, T., & Ó Baoill, D. (1979). *Earráidí Scríofa Gaeilge- cuid II, Ainmfhocail, Cáilitheoirí, Forainmneacha, Cónaisc agus Míreanna*. Baile Átha Cliath: Institiúid Teangeolaíochta Éireann.

Schmidt, R. (2001). Attention. In P. Robinson (Eag.), *Cognition and second language instruction*. Cambridge: Cambridge University Press.

Tithe an Oireachtais. (2012). *An Caighdeán Oifigiúil Athbhreithnithe.* Baile Átha Cliath: Seirbhís Thithe an Oireachtais.

Spada, N., & Tomita, Y. (2010). Interactions between type of instruction and type of language feature: A meta-analysis. *Language Learning, 60*(2), 263-308. doi:10.1111/j.1467-9922.2010.00562.x

Walsh, C. (2007). *Cruinneas na Gaeilge Scríofa sna hIar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge i mBaile Átha Cliath.* Baile Átha Cliath: An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.